



Gaelscoil na Lochanna

Tuairisc Féinmheastóireachta scoile

PFS 2- Gaeilge

1. Réamhrá

1.1 Fócas na meastóireachta

Rinneadh féinmheastóireacht scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim san **Litearthacht Gaeilge** i nGaelscoil na Lochanna le linn na tréimhse Feabhra 2013- Meitheamh 2013.

Seo tuairisc ar thátáil na meastóireachta:

1.2 Comhthéacs na scoile:

Is Gaelscoil í seo a bunaíodh i 2006.

Tá an scoil ag fás ó 2006 le páistí, múinteoirí, seomraí nua gach bliain ó 2006.

Tá an scoil fós ag fás agus tá na céad páistí sa scoil ag fágáil i mbliana.

Tá an Príomhoide ag múineadh.

Is scoil aonsruthacha í.

Tá 151 dalta sa scoil. (cáilíní agus buachaillí)

Tá seisear múinteoir ranga, múinteoir amháin feabhais agus beirt mhúinteoirí acmhainne (iad roinnte le scoileanna eile) sa scoil.

2. Na tátáil

Dearcadh agus Cultúr na scoile timpeall ar an nGaeilge

1. Tá dearcadh, atmaisféar agus cultúr an-dearfach sa scoil maidir leis an nGaeilge agus tá gaol an-láidir sa scoil idir an Taitneamh agus an Teanga a úsáid.
2. Tugtar go leor duaiseanna, moladh agus spreagadh go leanúnach sa scoil i dtaobh labhairt na Gaeilge.
3. Cuirtear béim an-mhór ar an taitneamh i rith Seachtain na Gaeilge gach bliain ach go háirithe.
4. Tá Riail na Gaeilge- an-éifeachtach sa scoil agus tá tacaíocht an-láidir ón mbaile le seo. Tá gach páiste sa scoil dílis don Riail seo sa scoil agus taobh amuigh den scoil ag ócáidí agus imeachtaí eachtrannach.

Drámaíocht sna ceachtanna

Páistí Rang 2-6: Tá na páistí iomláin aontaithe gurb é an drámaíocht an rud is mó a thaitníonn leo sa cheacht Gaeilge.

Cultúr na Gaeilge

Tá feadóg stáin ar bhonn i ngach rang.

Tá ranganna iarscoile don fhidil (19 páiste), rince (23) agus don bhanna cheoil (28) ar siúl. Ina iomláin glacann 54 páiste páirt sna ranganna seo, sin níos mo na 1/3 den scoil. Bíonn sé deacair daoine le Gaeilge a fháil chun ranganna mar seo a chur ar siúl.

Eile

Tá na gnéithe seo ar siúl go leanúnach tríd na scoile iomláin:

An Cur chuige cumarsáideach, Foghlaim ghníomhach, grúp-obair, obair beirte, am tugtha don Ghaeilge sna hábhair eile, strúchtúr cinnte sna ceachtanna, raon leathan de mhodhanna measúnaithe.

Litriú

Deir 56% paistí Rang 2-6 go bhfuil sé éasca dóibh litriú a fhoghlaim agus tá ag éirí go maith lena páistí sna scrúduithe litriú sin.

Aistear:

Tá Aistear ar siúl gach lá i ranganna na Naíonán

Cruinneas na Gaeilge Labhartha

Measaimid go bhfuil caighdeán ard líofachta agus foclóra á úsáid ag na páistí ó bhéal ach

1. Tá easpa chruinneas sa Ghaeilge a úsáideann na bpáistí go nádúrtha lena chéile (ie nuair nach bhfuil an

- Múinteoir thart). Gaeilge sa chlós- ní raibh ach 19% dena samplaí bailithe cruinn)
1. Níl slí uil-scoile againn sa scoil faoi chonas tabhairt faoi bhotúin nó gramadach na bpáistí a cheartú.
 2. Níl modh measúnaithe cinntithe againn faoi chonas Ghaeilge labhartha a mheas.
 3. Níl foclóir Gaeilge Béarla ag an gcuid is mó dena páistí ó Rang 3-6.
 4. Gramadach- Deir beaganch gach páiste ó Rang 2-6 gurb é an Gramadach an rud is deacra dóibh.
 5. Duaiseanna agus modhanna spreagadh don labhairt na Gaeilge sa chlós- Bíonn sé seo ar siúl againn sa chlós in amannta ach ní *go rialta*.

Freagra na dtuistí i leith aiseolas faoin nGaeilge

Deir 91 as 151 (68%) dena tuistí nach bhfaigheann siad aiseolas maith faoi dhul chun cinn a bpáiste maidir le dul chun cinn sa Ghaeilge.

Scribhneoireacht

1. Cé go bhfuil rialacha agus caighdeán ag múinteoirí aonair i leith cur i láthair agus peannaireacht na bpáistí níl plean iomláin scoile ina thaobh.
2. Tá raon leathan de seanraí/ cleachtaithe scríbhneoireachta sa Ghaeilge ar siúl i roinnt ranganna ach níl forbairt leanúnach ann ó rang go rang tríd na scoile.
3. Deir 58% de dhaltáí Rang 2-6 nach maith leo scéalta a scríobh.

TFC

Tá raon mhaith de TFC in úsáid sna ranganna chun Gaeilge a mhúineadh (garageband, idirlíon, i photo, cláir bain idirghníomhacha, amharcléiritheoirí anois).

Léitheoireacht

1. Cé go bhfuil cumas léitheoireachta ard sa scoil,
 - > 2011- 56% de dhaltáí Rang 1-5 ag sten 8-10
 - > 2012 – 45% de na daltaí seo ag sten 8-10 – norm naisiúnta = 16%agus deir 53% páistí rang 2-6 iad féin go léitheoirí maithe iad (2013);

Tá éiginntacht sa scoil faoin gcóras d'eagrúcháin léitheoireachta.

Tá éileamh óna múinteoirí (Rang Naí-6) ar leabhar maith caighdeánach don rang iomláin sa bhreis ar na seit leabhair atá ann faoi láthair. (.i. leabhair cíosa nua)

Tá éileamh óna múinteoirí (Rang 4-6) ar réimse níos leithne d'ábhair léitheoireachta (irisleabhair, nuachtáin, e scéalta)

2. Tá easnamh mór de leabhair leabharlainne a thaitníonn lena páistí sna leabharlainn ranga Rang 4-6 (85% de pháistí á rá) agus deir 53% den pháistí (Rang 2-6) nach maith leo an leabhar ranga atá acu sa seomra.
3. Deir 59% de pháistí Rang 5+6 nach maith leo an léitheoireacht sa Ghaeilge.
4. Tá córas obairbhaile féin ag na múinteoirí maidir le léitheoireacht.
5. Luaigh 15/91 tuismitheoir gur mhaith leo tuilleadh léitheoireachta a bheith curtha abhaile.

Gaeilge do thuistí

Níl ranganna ar siúl sa scoil do thuistí faoi láthair. Cuireadh ranganna ar siúl uair amháin agus tá ranganna eile ar siúl ó am go cheile sa cheantar. Tá ciorcail cómhra ar bhun sa cheantar go leanúnach. Sa suirbhé, luaigh 6/91 tuistí go mbeadh suim acu ranganna Gaeilge a dhéanamh ach tá seans maith go bhfuil suim ag go leor eile freisin. (Suirbhé 2013)

Cuireadh frásaí Ghaeilge abhaile tráth ach tá titim tagtha ar an méid frásaí a théann abhaile lena páistí. Luaigh 12/91 gur mhaith leo frásaí agus foghraíocht a bheith curtha abhaile.

3. Dul chun cinn a rinneadh ar spriocanna feabhsúcháin a aithníodh roimhe seo.

- › I rith PFS 1 chuir an scoil an scrúdú caighdeánach Droim Conrach don Ghaeilge ar siúl don chéad uair agus bhí 56% de dhaltaí sa scoil (Rang 1-6) ag Sten 8-10. Ní raibh ach 1.4% dena daltaí a ghnóthaigh Sten 1-3.
- › I rith PFS 1 cuireadh roinnt idéithe i bhfeidhm chun feabhas a chur ar shaibhreas na Gaeilge timpeall na scoile.
- › I Rith PFS 1 cuireadh Aistear ar siúl sna ranganna Naíonáin go leanúnach.

4. Achoimre ar thátáil na féinmheastóireachta.

4.1 Tá láidreachtaí ag ár scoil sna hachair seo a leanas:

- › Tá gaol an-láidir idir an Taitneamh agus an Ghaeilge sa scoil agus tá atmaisféar an-dearfach i measc an phobail uilig timpeall ar labhairt na Gaeilge agus cultúr na Gaeilge
- › Tá Riail na Gaeilge éifeachtach i bhfeidhm sa scoil.
- › Is breá lena páistí (R2-6) giotáí drámaíochta a chumadh agus a thaispeáint as Gaeilge agus bíonn deis acu é seo a dhéanamh sa cheacht Gaeilge
- › Thaispeáin na trialacha caighdeánacha sa léitheoireacht Gaeilge go bhfuil an chuid is mó dena páistí ag feidhmiú os cionn an norm naisiúnta.
- › Tá caighdeán sásúil den: Cur chuige Cumarsáideach, grúpobair, obair beirte, raon de mhodhanna measúnaithe agus foghlaim ghníomhach ar siúl tríd na scoile.

4.2 Don phlean seo tá na hachair seo a leanas ina dtosaíochtaí feabhsúcháin:

Torthaí foghlaimeora:

1. Cruinneas na Gaeilge a fheabhsú i ngnáthchaint na bpáistí ó 19% go Bl.1 go 25%,
Bl.2 go 40%,
Bl.3 go 50%

2. Caighdeán cur i láthair agus peannaireachta i saothar na bpáistí tríd na scoile a fheabhsú

Éispéiris Foghlama na bPáistí:

Taitneamh sa léitheoireacht sna hard ranganna a fhorbairt. An méid dalta (Rang 5-6) nach dtaitníonn an léitheoireacht sa Ghaeilge leo a íslíú ó 59%.

Cleachtas Múinteoirí

Cinnteacht a chruthú tríd na scoile ar an eagrúcháin den léitheoireacht

Cultúr an Chumarsáid éifeachtach

Is mian linn sa scoil go mbeidh córas éifeachtach aiseolais do thuisí maidir le dul chun cinn na bpáistí maidir le gach gné den saol scoile.

Le deaghuí,

Foireann na Scoile